

# Stáisiún: Cruthanna 2-T a Chruthú trí úsáid Cipíní Líreacáin

(Leibhéal A3: Féach Lámhleabhar Ich. 52)

Oibrigh le páirtneír. Úsáid 10 gcipín líreacáin le oiread cruthanna 2-T agus is féidir leat a dhéanamh.

*Cé mhéad cruthanna a rinne tú a Shéamus? Cén cruthanna iad?  
An bhfuil aon chipíní fágtha agat? Cén fáth go bhfuil?  
An bhféadfá é a dhéanamh ar bhealach eile agus gan aon chipíní a bheith fágtha?  
An ndearna aon duine eile líon difriúil cruthanna?  
Cén fáth go bhfuil níos mó/iú cruthanna agat ná mar atá ag Séamus?  
Cén fáth mar sin gur fhág déanamh triantán go raibh níos mó cruthanna agat ná mar  
a bhí ag Pádraig a rinne dronuilleanna?  
Mai, mínigh é sin dom id fhocail féin led thoil.*

**Fairsingiú:** Ceadaigh do dhaltaí turgnamh a dhéanamh le breis cipíní líreacáin agus pléigh cruthanna breise/níos mó a chruthú

<b>Snáithe:</b>	Cruth agus Spás
<b>Snáithaonad:</b>	Cruthanna 2-T a Fhiosrú
<b>Coincheap:</b>	Cruthanna 2-T a shórtáil, cur síos a dhéanamh orthu agus iad a ainmniú. Cruthanna 2-T a thógáil agus a tharraingt Féach Leibhéal Lámhleabhair (A.3, B.3, B.4, C.2, C.3, C.4)
<b>Scil:</b>	Cur i bhfeidhm & Réiteach fadhbanna; Cumarsáid & Cur in iúl; Comhtháthú & Nascadh; Réasúnaíocht; Cuir i bhfeidhm

## Stáisiún: Dúshlán Comhordanáide

(Féach Lámhleabhar Ich. 165-167)

Réiteach Fadhbanna: Cuir na deich litir seo san áit cheart de réir na n-ocht leide thíos:

### Leideanna:

Tá na litreacha ag (1,1) agus (1,2) agus (1,3) go léir siméadrach timpeall ar líne ingearach

Níl an litir ag (4,2) siméadrach ar bhealach ar bith.

Tá na litreacha ag (1,1), (2,1) agus (3,1) go léir siméadrach timpeall ar líne chothrománach.



Tá siméadracht rothlach ag na litreacha ag (0,2), (2,0).

Níl sa litir ag (3,1) ach línte díreacha.

Níl sna litreacha ag (3,3) agus (2,0) ach línte cuartha.

Leanann na litreacha ag (3,3), (3,2) agus (3,1) a chéile san aibítear.

Tá na litreacha ag (0,2) agus (1,2) suite ag dhá cheann na haibítire.



**Snáithe:** Cruth agus Spás

**Snáithaonad:** Cruthanna 2-D

**Coincheap:** Breac comhordanáidí simplí agus feidhmigh nuair is cuí  
Féach Leibhéal Lámhleabhair (D.8)

**Scil:** Cur i bhfeidhm & réiteach fadhbanna; Cumarsáid & Cur in iúl; Comhtháthú & Nascadh; Réasúnaíocht; Cuir I bhfeidhm

## Stáisiún: Déan Fiosrú, Cur síos, Comparáid agus Rangú ar Airíonna Cruthanna 2-T (MDL)

(Féach Lámhleabhar Ich. 99, 103, 112)

Tógann an ghníomhaíocht seo ar obair a rinne daltaí níos luaithe ag sórtáil cruthanna 2-T de réir a gcritéar féin ag baint úsáid as léaráidí sórtála simplí. Ag an leibhéal seo cuireann daltaí lena scileanna réasúnaíochta chun cruthanna rialta agus mírialta a rangú de réir airíonna na gcruthanna, go dtí go gcríochnaíonn siad suas le híosliosta sainitheach (MDL). Is féidir le léaráid chrainn a bheith ina samhail úsáideach leis an gcineál seo réasúnaíochta a fhorbairt, ach ba chóir gurb iad na daltaí a dhéanfadh na catagóirí a cheapadh.

**Gníomhaíocht:** Ceap léaráid chrainn agus úsáid post-its chun eochair sórtála a fhorbairt chun cuidiú leat na cruthanna go léir a rangú go dtí nach féidir iad a fho-roinnt a thuilleadh. Seo é do MDL.



Snáithe: Cruth agus Spás

Snáithaonad: Cruthanna 2-T a fhiosrú

Coincheap: Cruthanna 2-T a shórtáil, cur síos a dhéanamh orthu, iad a ainmniú agus a rangú trína gcur i gcomparáid le chéile. Leibhéil (A.3, B.3, B.4, C.2, C.3, C.4)

Scil: Cur i bhfeidhm & Réiteach fadhbanna; Cumarsáid & Cur in iúl; Comhtháthú & Nascadh; Réasúnaíocht; Cuir i bhfeidhm

## Stáisiún: Sórtáil Cruthanna 2-D de Réir Critéir Forbartha an Léaráid féin - Úsáid á baint as Léaráid Sórtála

(Féach Lámhleabhar Ich. 45-48)

Ba chóir do dhaltaí díriú ar airíonna cruthanna (rialta agus mírialta) agus a shocrú iad féin cén airí a ndéanfaidh siad sórtáil lena aghaidh. Caithfidh neart taithí a bheith ag daltaí i gceapadh, réasúnaíocht agus cuir síos a dhéanamh ar na catagóirí éagsúla a d'úsáid siad agus iad i mbun sórtála ar chruthanna 2-T. Is féidir é seo a fhorbairt tuilleadh trí léaráid sórtála a úsáid.



Inis dom faoi do chruth. Cén chaoi a bhfuil sé cosúil leis an gceann seo? Cén fáth ar choir dóibh a bheith le chéile? Cén difríocht atá eatarthu? Cén fáth nár choir dóibh a bheith le chéile? An féidir leat cruth eile le sleasa cuartha a aimsiú?

**Gníomhaíocht:** Roghnaigh ceann de na léaráidí sórtála (Venn, Carroll nó Tree). Déan cinneadh faoina hairíonna a ndéanfaidh daltaí sórtáil leo. Scríobh na hairíonna ar post-its. Sórtáil an tacar cruthanna 2-T de réir na n-airíonna sin ar an léaráid sórtála. Cuidíonn úsáid léaráid sórtála chun smaointeoireacht agus réasúnaíocht daltaí a shoiléiriú agus tugann léargas difriúil ar a ngníomhaíochtaí sórtála.

Snáithe:	Cruth agus Spás
Snáithaonad:	Cruthanna 2-T a fhiosrú
Coincheap:	Cruthanna 2-T a shórtáil, a ainmniú agus cur síos a dhéanamh orthu. Cruthanna 2-T a thógáil agus a tharraingt. Féach Leibhéal Lámhleabhair (A.3, B.3, B.4, C.2, C.3, C.4)
Scil:	Cur i bhfeidhm & réiteach fadhbanna; Cumarsáid & Cur in iúl; Comhtháthú & Nascadh; Réasúnaíocht

## Stáisiún: Siméadracht Líne a Fhiosrú agus úsáid á baint as Pionnachlár

(Féach Lámhleabhar Ich. 121- 126)

Oibríonn daltaí ina mbeirteanna chun cluiche a imirt ar phionnachlár. Tá an líne siméadrachta marcáilte ar an bpionnachlár le banda. Bíonn seal ag gach imreoir pionna a chur ar an mbord agus caithfidh a bpáirtneir ionad pionna a chéile comhraic a léiriú nó a scáthánú ar a dtaobh siúd. Ansin leagann siad pionna nua ina seal agus déanann an páirtneir scáthánú ar an imirt sin. Is féidir le daltaí tús a chur le húsáid teanga ionaid a ndéantar tuilleadh forbartha air i Leibhéal D.



Snáithe:	Cruth agus Spás
Snáithaonad:	Siméadracht
Coincheap:	Siméadracht líneach a aithint, a tharraingt agus a aimsiú i gcruthanna agus sa timpeallacht Féach Leibhéal Lámhleabhair (B6, C6, D4)
Scil:	Cur i bhfeidhm & Réiteach fadhbanna; Cumarsáid & Cur in iúl; Comhtháthú & Nascadh; Réasúnaíocht; Cuir i bhfeidhm